Parlaimint na hEorpa
2024-2029

An Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla
An Cathaoirleach

17.10.2025

An tUasal Javier Zarzalejos
Cathaoirleach
An Coiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile
AN BHRUISÉIL

Ábhar: Tuairim maidir le bunús dlí an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an gcomhar póilíneachta i ndáil le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, agus maidir le feabhas a chur ar thacaíocht Europol ó thaobh na coireanna sin a chosc agus a chomhrac agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794 (COM(2023)0754 – C9-0431/2023 – 2023/0438(COD))

A Chathaoirligh, a chara,

Sa litir dar dáta an 12 Meán Fómhair 2025, d'iarr tú, i do cháil mar Chathaoirleach ar an gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (LIBE), ar an gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI), de bhun Riail 41(2) de na Rialacha Nós Imeachta, tuairim a thabhairt maidir le hoiriúnacht bhunús dlí an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le feabhas a chur ar an gcomhar póilíneachta i ndáil le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc, a bhrath agus a imscrúdú, agus maidir le feabhas a chur ar thacaíocht Europol ó thaobh coireanna na sin a chosc agus a chomhrac agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2016/794 (2023/0438(COD)) (dá ngairtear 'an Rialachán atá beartaithe' anseo feasta).

Rinne an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (JURI) an cheist thuasluaite a bhreithniú ag an gcruinniú a bhí aige an 13 Deireadh Fómhair 2025.

I - Cúlra

Bhí coiste LIBE i mbun caibidlíocht idirinstitiúideach maidir leis an Rialachán atá beartaithe.

Áiríodh ar dtús sa Rialachán atá beartaithe, ar an gcéad dul síos, 'rialachán neamhspleách' nua chun, *inter alia*, an Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach a bhunú, agus, ar an dara dul síos, leasuithe spriocdhírithe ar shainordú Europol atá ann cheana (Rialachán (AE)

2016/794[1], dá ngairtear ‘Rialachán Europol’ anseo feasta). Bunaíodh togra an Choimisiúin ar Airteagal 85(1), 87(2), agus 88(2) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE). Níor leasaigh coiste LIBE an bunús dlí a mhol an Coimisiún.

Ina sainorduithe faoi seach le haghaidh caibidlíochtaí idirinstitiúideacha, roghnaigh an Pharlaimint agus an Chomhairle araon raon feidhme an Rialacháin atá beartaithe a theorannú do leasuithe ar shainordú Europol atá ann cheana ach d’fhág siad an bunús dlí gan athrú. Thángthas ar chomhaontú sealadach ina dhiaidh sin le linn na caibidlíochta idirinstitiúidí maidir le haidhm agus ábhar an Rialacháin atá beartaithe a theorannú ar an mbealach sin. Mar thoradh air sin, ba léir gur ghá an bunús dlí a choigeartú agus an gníomh a bhunú ar Airteagal 88(2) CFAE amháin, is é sin le rá Airteagal 85(1) agus Airteagal 87(2) CFAE a scriosadh.

Dá bhrí sin, de bhun Riail 41(2), iarrann coiste LIBE ar choiste JURI a thuairim a thabhairt maidir le hoiriúnacht an bhunúis dlí a athraíodh amhlaidh.

II - Na hAirteagail ábhartha den Chonradh

I gCaibidil 4 (‘Comhar breithiúnach in ábhair choiriúla’) de Theideal V de Chuid a Trí CFAE léitear, *inter alia* (béim curtha leis):

Airteagal 85
(sean-Airteagal 31 CAE)

1. Beidh de chúram ar Eurojust tacú agus treisiú leis an gcomhordú agus leis an gcomhar idir na húdaráis náisiúnta imscrúdúcháin agus ionchúisimh i ndáil le coireacht thromchúiseach a dhéanann difear do dhá Bhallstát nó níos mó nó a éilíonn ionchúiseamh ar bhoinn chomhchoiteanna, ar bhonn na n-oibríochtaí arna seoladh agus ar bhonn na faisnéise arna tabhairt ag údaráis na mBallstát agus ag Europol.
Sa chomhthéacs sin, déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, trí bhíthin rialacháin arna nglacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, struchtúr, oibriú, réimse gníomhaíochta agus cúraimí Eurojust a chinneadh. D’fhéadfadh na cúraimí seo a leanas a bheith i gceist leo sin:

(a) imscrúduithe coiriúla a thionscnamh, chomh maith le tionscnamh ionchúiseamh arna seoladh ag údaráis náisiúnta inniúla a mholadh, go háirithe na hionchúisimh sin a bhaineann le cionta in aghaidh leasanna airgeadais an Aontais;

(b) na himscrúduithe coiriúla agus na hionchúisimh choiriúla dá dtagraítear i bpointe (a) a chomhordú;

(c) an comhar breithiúnach a neartú, lena n-áirítear trí easaontachtaí dlínse a shocrú agus trí dhlúthchomhar leis an nGréasán Breithiúnach Eorpach.

[1] Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53).

Cinnfear leis na rialacháin sin freisin socruithe maidir le baint a bheith ag Parlaimint na hEorpa agus ag na Parlaimintí náisiúnta leis an meastóireacht ar ghníomhaíochtaí Eurojust.

(...)

I gCaibidil 5 ('Comhar póilíneachta') de Theideal V de Chuid a Trí CFAE léitear, *inter alia* (béim curtha leis):

Airteagal 87
(sean-Airteagal 30 CAE)

1. Bunóidh an tAontas comhar póilíneachta a mbeidh baint ag údaráis inniúla uile na mBallstát leis, lena n-áirítear seirbhísí póilíneachta, seirbhísí custaim agus sainseirbhísí eile forfheidhmithe dlí i ndáil le cionta coiriúla a chosc, a bhrath agus a imscrúdú.

2. Chun críocha mhír 1, féadfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach, bearta a bhunú a bhaineann leis na nithe seo a leanas:

(a) faisnéis ábhartha a bhailiú, a stóráil, a phróiseáil, a anailísiú agus a mhalartú;

(b) tacaíocht d'oiliúint foirne, agus comhar i leith malartú foirne, i leith trealaimh agus i leith an taighde ar bhrath na coireachta;

(c) teicníochtaí comhchoiteanna imscrúdaithe i ndáil le saghsanna tromchúiseacha coireachta eagraithe a bhrath.

(...)

Airteagal 88
(sean-Airteagal 30 CAE)

1. Beidh de chúram ag Europol tacú agus treisiú le gníomhaíocht údaráis phóilíneachta na mBallstát agus le seirbhísí eile forfheidhmithe dlí agus lena gcomhar frithpháirteach d'fhonn an choireacht thromchúiseach a dhéanann difear do dhá Bhallstát nó níos mó, an sceimhlitheoireacht agus saghsanna eile coireachta a dhochraíonn leas coiteann atá ina ábhar do bheartas de chuid an Aontais a chosc agus a chomhrac.

2. Déanfaidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle, trí bhíthin rialacháin arna nglacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach struchtúr, oibriú, réimse gníomhaíochta agus cúraimí Europol a chinneadh. D'fhéadfadh na cúraimí seo a leanas a bheith i gceist leo sin:

(a) faisnéis, arna cur ar aghaidh go háirithe ag údaráis na mBallstát nó ag tríú tíortha nó ag tríú comhlachtaí, a bhailiú, a stóráil, a phróiseáil, a anailísiú agus a mhalartú;

(b) gníomhaíocht imscrúdaitheach agus oibríochtúil, arna cur i gcrích i gcomhpháirt le húdaráis inniúla na mBallstát nó i gcomhthéacs foirne comhpháirteacha

imscrúdaitheacha, a chomhordú, a eagrú agus a chur chun feidhme, i gcuibhreann le Eurojust nuair is iomchuí.

Leagfar síos freisin leis na rialacháin sin na nósanna imeachta um ghrinnscrúdú ar ghníomhaíochtaí Europol ag Parlaimint na hEorpa i dteannta leis na Parlaimintí náisiúnta.

3. *Ní mór aon ghníomhaíocht oibríochtúil ag Europol a chur i gcrích i gcuibhreann le húdaráis an Bhallstáit nó na mBallstát arb é a chríoch nó a gcríoch atá i dtrácht agus le comhaontú na n-údarás sin. Is ar na húdaráis náisiúnta inniúla a bheidh an fhreagracht eisiach as bearta comhéigneacha a chur i bhfeidhm.*

III – cásdlí CBAE maidir le roghnú an bhunúis dlí

Riamh anall, d'fhéach an Chúirt Bhreithiúnais ar cheist an bhunúis dlí iomchuí mar shaincheist a bhfuil tábhacht bhunreachtúil ag baint léi, lena ráthaítear comhlíonadh phrionsabal na gcumhachtaí arna dtabhairt (Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach) agus lena gcinntear cineál agus raon feidhme inniúlacht an Aontais[2].

De réir an chásdlí sheanbhunaithe, ní ar áitiús na hinstitiúide maidir leis an gcuspóir atáthar a shaothrú a bhraitheann an bunús dlí a bhíonn le gníomh de chuid an Aontais; ach ní mór an bunús dlí a chinneadh de réir critéir oibiachtúla atá in-athbhreithnithe go breithiúnach, lena n-áirítear, go háirithe, aidhm agus inneachar an bhirt[3].

I gcás ina léirítear le scrúdú a dhéantar ar bheart go bhfuil dhá chuspóir á saothrú leis nó go bhfuil dhá chomhpháirt aige agus má bhíonn ceann amháin díobh sin inaitheanta mar phríomhchuspóir nó mar phríomh-chomhpháirt an bhirt, cé nach mbíonn sa cheann eile ach cuspóir teagmhasach nó comhpháirt theagmhasach, ní mór an beart sin a bheith bunaithe ar bhunús aonair dlí, eadhon an bunús sin a cheanglaítear leis an bpríomhchuspóir nó leis an bpríomh-chomhpháirt[4]. Mar eisceacht, agus mar sin amháin, má shuitear go bhfuil cuspóirí éagsúla á saothrú ag an am céanna leis an ngníomh agus nach bhféadtar na cuspóirí sin a scaradh óna chéile gan ceann amháin acu a bheith ina chuspóir tánaisteach, indíreach i gcomparáid leis na cinn eile, féadfar an gníomh a bhunú ar na bunúis dlí chomhfhreagracha éagsúla[5]. Ní fhéadfaí é sin a dhéanamh, áfach, ach amháin mura mbeadh na nósanna imeachta a leagtar síos do na bunúis dlí faoi seach ar neamhréir le ceart Pharlaimint na hEorpa agus nach mbainfeadh siad an bonn ón gceart sin[6].

IV – Aidhm agus ábhar an Rialacháin atá beartaithe

---

[2] *Tuairim 2/00 ('Prótacal Cartagena')*, ECLI:EU:C:2001:664, mír 5.
[3] Cás C-300/89, an Coimisiún v an Chomhairle ('Dé-ocsaíd Tiotáiniam'), ECLI:EU:C:1991:244, mír 10.
[4] Ibid. mír 30 agus Cás C-137/12, an Coimisiún v an Chomhairle, ECLI:EU:C:2013:675, mír 53 agus an cásdlí dá dtagraítear.
[5] Cás C-300/89, míreanna 13 agus 17; Cás C-42/97, *an Pharlaimint v an Chomhairle*, ECLI:EU:C:1999:81, mír 38; *Tuairim 2/00*, mír 23; Cás C-94/03, *an Coimisiún v an Chomhairle ('Coinbhinsiún Rotterdam')*, ECLI:EU:C:2006:2 agus Cás C-178/03, *an Coimisiún v an Pharlaimint agus an Chomhairle*, ECLI:EU:C:2006:4, míreanna 36 agus 43.
[6] Cás C-300/89, míreanna 17-25; Cás C-268/94 *an Phortaingéil v an Chomhairle*, ECLI:EU:C:1996:461.

Mar a chuir an Coimisiún ar aghaidh, bhí sé d'aidhm ag an Rialachán atá beartaithe ról Europol sa chomhrac i gcoinne smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine agus ról an Lárionaid Eorpaigh in aghaidh Smuigleáil Imirceach a threisiú, chomh maith leis an gcomhar idir na Ballstáit agus Europol a threisiú maidir le smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac.

Chun na cuspóirí sin a bhaint amach, mhol an Coimisiún rialacha a leagan síos maidir leis an méid seo a leanas: (a) Lárionad Eorpach in aghaidh Smuigleáil Imirceach laistigh de Europol agus creat rialachais lena ghníomhaíochtaí a rialáil agus tacú leo a bhunú ('an Lárionad'); (b) lena gcuirtear feabhas ar an gcomhar agus ar an gcomhordú idir na Ballstáit, Europol agus gníomhaireachtaí eile de chuid an Aontais; (c) lena ndéantar an malartú faisnéise idir na Ballstáit agus le Europol a threisiú; (d) na huirlisí is gá a sholáthar do Europol chun tacú le gníomhaíochtaí údaráis inniúla na mBallstát agus lena gcomhar frithpháirteach chun cionta coiriúla a thagann faoi chuspóirí Europol a chosc agus a chomhrac agus chun iad a neartú; (e) lena gcuirtear feabhas ar an gcomhar idir Europol agus tríú tíortha.

Chuige sin, bhí an Rialachán atá beartaithe comhdhéanta ar dtús, ar thaobh amháin, de 'rialachán neamhspleách' lena mbunaítear an Lárionad laistigh de Europol agus lena leagtar síos rialacha mionsonraithe maidir lena chomhdhéanamh agus lena chúraimí, chomh maith le forálacha maidir le comhroinnt faisnéise agus seirbhísí speisialaithe náisiúnta chun smuigleáil imirceach agus gáinneáil ar dhaoine a chosc agus a chomhrac. Ar an taobh eile, bhí leasuithe ar Rialachán Europol ann.

Le linn na caibidlíochta idirinstitiúidí, comhaontaíodh, i gcomhréir le sainorduithe na Parlaiminte agus na Comhairle faoi seach, na codanna den Rialachán atá beartaithe a scriosadh arb é is aidhm dóibh 'rialachán neamhspleách' a chruthú agus gníomh lena leasaítear Rialachán Europol amháin a dhéanamh de.

Dá bhrí sin, baineann an Rialachán atá beartaithe, arna mhodhnú ag na comhreachtóirí, go heisiach le struchtúr, oibriú, réimse gníomhaíochta agus cúraimí Europol. Is iad seo a leanas príomhaidhmeanna an Rialacháin atá beartaithe, arna modhnú agus arna gcomhaontú go sealadach ag na comhreachtóirí: Europol a threisiú chun freagairt fhorfheidhmiú an dlí ar smuigleáil imirceach agus ar gháinneáil ar dhaoine a neartú, chun ról Europol mar mhol faisnéise coiriúla an Aontais agus mar sholáthraí seirbhíse a neartú, go háirithe trí líonra slán a sholáthar chun sonraí a mhalartú, amhail an feidhmchlár líonra um malartú slán faisnéise, chun a áirithiú go malartóidh na Ballstáit faisnéis le Europol agus chun a shoiléiriú go gcumhdaítear sáruithe ar bhearta sriantacha an Aontais go sainráite le cuspóirí Europol chomh maith.

V – Anailís

Leanann sé ón méid thuas agus ón scrúdú ar na haithrisí agus ar na forálacha sa chuid oibríochtúil den Rialachán atá beartaithe, mar atá comhaontaithe go sealadach ag na comhreachtóirí, gur laghdaíodh é ionas nach mbeadh ann go héifeachtach ach leasuithe ar Rialachán Europol. Dá bhrí sin, ní bhaineann a aidhm agus a ábhar anois ach le struchtúr, oibriú, réimse gníomhaíochta agus cúraimí Europol.

I gcomhréir le hAirteagal 88(2) CFAE, cinneann an Pharlaimint agus an Chomhairle

struchtúr, oibriú, réimse gníomhaíochta agus cúraimí Europol trí bhíthin rialachán arna nglacadh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach.

I gcomhréir le cásdlí seanbhunaithe na Cúirte Breithiúnais dá dtagraítear thuas, ní mór, dá bhrí sin, an beart a bhunú ar bhunús dlí aonair, is é sin an bunús dlí a éilítear de réir a phríomhchuspóra nó a phríomh-chomhpháirte.

VI – Conclúid agus moladh

Ag an gcruinniú a bhí aige an 13 Deireadh Fómhair 2025, chinn an Coiste um Ghnóthaí Dlíthiúla dá bhrí sin, d'aon toil (le 25 vóta i bhfabhar)[7], a mholadh don Choiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile gurb é Airteagal 88(2) CFAE an t-aon bhunús dlí iomchuí don Rialachán atá beartaithe, arna mhodhnú agus arna chomhaontú go sealadach ag na comhreachtóirí le linn na caibidlíochta idirinstitiúidí.

Le dea-mhéin,

Ilhan Kyuchyuk

[7] Bhí na daoine seo a leanas i láthair ag an vótáil chríochnaitheach: Ilhan Kyuchyuk (Cathaoirleach), Marion Walsmann (Leas-Chathaoirleach), Mario Mantovani (Leas-Chathaoirleach), Lara Wolters (Leas-Chathaoirleach), Maravillas Abadía Jover, Tobiasz Bocheński, Pascal Canfin, José Cepeda, Henrik Dahl, Ton Diepeveen, Sebastian Everding (thar ceann Mario Furore de bhun Riail 216 (7)), Enikő Győri (thar ceann Juan Carlos Girauta Vidal de bhun Riail 216 (7)), Mary Khan, Ana Catarina Mendes (thar ceann Victor Negrescu de bhun Riail 216 (7)), Javier Moreno Sánchez (thar ceann Krzysztof Śmiszek de bhun Riail 216 (7)), Angelika Niebler, Pascale Piera, Kira Marie Peter-Hansen, René Repasi, Tomas Tobé, Axel Voss, Adrián Vázquez Lázara, Jörgen Warborn, Maciej Wąsik (thar ceann Dominik Tarczyński de bhun Riail 216(7)), Michał Wawrykiewicz, Dainius Žalimas.